




An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Teach Cúirte Dhroichead Átha



Fiosruithe

Oifig Cúirte Dhún Dealgan

Teach na Cúirte, Dún Dealgan, Co. Lú

Teil: +353 42 939 2300

Facs: +353 42 939 2399

r-phoist: dundalkcourtoffice@courts.ie

Uaireanta oscailte na hoifige :

Luan go hAoine:

10.00 r.n. go 12.45 i.n.

agus

2.00 i.n. go 4.00 i.n.

Arna táirgeadh ag Oifig Eolais

na Seirbhíse Chúirteanna

Iúil 2017

Le haghaidh foilseacháin na

Seirbhíse Chúirteanna

déan cuairt ar www.courts.ie



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Tá Teach Cúirte Dhroichead Átha lonnaithe i Lána Thobar Phádraig ar shuíomh feiceálach os cionn na Bóinne.

Bunaíodh Droichead Átha mar bhaile Angla-Normannach agus gabhann chéad chairt an bhaile siar a fhad leis an mbliain 1194. Ba bhaile múrtha é agus ghabh cosaint mheánaoiseach thart air bhí 113 acra taobh istigh de na ballaí agus shín an imlíne timpeall ar an mbaile ar feadh 2.3 ciliméadar. Tá an teach cúirte nua laistigh den seanlimistéar múrtha agus is féidir rian bhalla an tseanbhaile a fheiceáil ar an gcuid den phlás poiblí is gaire don abhainn.



Áiseanna

Tá achar urláir thart ar 1,350m² sa teach cúirte nuathógtha, a osclaíodh in Iúil 2017. Tá dhá sheomra cúirte ar airde dhúbailte agus cóiríocht choimhdeach ann do bhreithiúna, foireann, cleachtóirí, finnétithe leochaileacha agus daoine atá faoi choimeád.

Eagraítear na pleananna urláir timpeall ar na seomraí cúirte lárnacha agus ceadáíonn seo don phobal, an breitheamh, an giúiré agus daoine faoi choimeád an foirgneamh a iontráil ó threonna éagsúla óna chéile. Seolann tobair sholais solas nádúrtha an lae síos go domhain san fhoirgneamh agus déanann siad spásanna a bheadh iata ina mhalairt scéil a thabhairt chun solais.

Réitítear sa phlean tírdhreacha saincheisteanna rochtana a bhí mar thoradh ar an riachtanas chun an foirgneamh a ardú os cionn thuilemhá Ghleann na Bóinne. Gabhann na céimeanna a fhad leis an bhfoirgneamh chuig an bpríomhbhealach isteach, agus soláthraíonn an bealach rochtana rampa deighilt dhiscreideach idir an spás poiblí faoin spéir, agus an bealach isteach slán príobháideach chuig an gclós coimeádta lastuaidh den phlean.

Conas dul ann

Traein (Iarnród Éireann)

Tá an stáisiún treaenach (Mac Giolla Bhríde) ar Bhóthar Átha Cliath - siúlóid 20 nóiméad ó theach na cúirte. Tá Dróichead Átha ar an bpríomhlíne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus tá seirbhís rialta ann idir an dá chathair. Breathnaigh ar www.irishrail.ie le haghaid amchlár.

Bus (Bus Éireann)

Route 101 and 100x ó mBaile Átha Cliath chuig Droichead Átha. Siúil 6 nóiméad ó stáisiún bus atá an teach cúirte. Breathnaigh ar www.buseireann.ie le haghaid amchlár.

Carr

Ó Bhaile Átha Cliath: fág an M1 ag slí amach (R132) agus lean na comhartaí chuig lár an bhaile.

O Bhéal Feirste: fág an M1 ag slí amach 11 chuig R132 Mainistir Bhuithe agus lean na comhartaí chuig lár an bhaile.

Páirceáil

Níl aon pháirceáil le fáil ag teach na cúirte. Tá páirceáil sráide agus charrchlós phoiblí le fáil timpeall an bhaile.